

Luach an Fhillidh

Le Vanya Lambrecht Ward- Amharc-Ealaíontóir

An t-earrach seo, ag an Lá Réigiúnach i gContae Liatroma, beidh ceardlann fillidh ar siúl ag Vanya Lambrecht Ward, ag léiriú an phróisis aoibhinn a bhaineann le réphlána a athrú ina chruth 3T. Is amharc-ealaíontóir í Vanya le cúlra éachtach i gcúrsaí dearaidh agus ailtireachta. Tá Vanya ag obair laistigh de réimse leathan suíomhanna, le gach aoisghrúpa, i ndisciplíní éagsúla, le fiche bliain anuas. Is é an phríomhspéis atá aici ná an chaoi a mbraithimid, a dtuigimid agus a n-idirghníomhaíonn muid lena bhfuil timpeall orainn. In éineacht lena cleachtadh stiúideo, is léachtóir í Vanya sa Dearadh Amharclannaíochta in Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach faoi láthair, agus oibríonn sí le hIonad Ealaíon Dock ag cuidiú lena gclár oideachais. Tá taithí os cionn 10 mbliana aici chomh maith leis sin, ag obair le Kids' Own ar thionscadail chónaitheachta agus ar leabhair éagsúla.



Thar na blianta fada atá curtha i gcrích agam ag obair i dtimpeallachtaí oideachasúla agus ealaíne, táim tar éis éirí níos eolaí de réir a chéile ar cé chomh cothrom is atá ár 'ndomhan' anois. Frithchaitheann agus cuireann leabhair agus leathanaigh A4, ríomhairí agus scáileáin eile in iúl agus i láthair ár dtimpeallachtaí i bhfoirmeacha cothroma. Léirimid ár dtimpeallachtaí go teibí trí na lionsaí seo (agus lionsaí eile). Ní gá gur drochrud é seo ach uaireanta is beag baint a bhíonn ag an teibíocht seo leis an saol s'againne, rud a chiallaíonn go mbíonn sé deacair againn tuiscint cheart a fháil uirthi nó an t-eolas a thugann sí dúinn a chur i bhfeidhm. I gcásanna mar seo, an rud is fearr a dhéanamh ná le bheith fisiciúil agus praiticiúil, ár lámha a leagan air i ndáiríre...

Is féidir linn é seo trí ealaín nó scil an oragámaí; rud teibí agus rud fisiciúil a thabhairt le chéile. Chomh maith leis sin, tá sé inrochtana do chách fiú agus an chuma atá air go bhfuil sé casta. Cruthaítear ceangal idir ár dtuiscint 2T agus 3T ar an domhan agus tá feidhmeanna gan teorainn aige. Le filleadh amháin, bogann an dromchla cothrom go cruth galánta 3T.

Le fírinne, fanann cuid mhór daoine glan ar oragámaí toisc go bhfuil sé de cháil air gur rud docht, nó rud ceartaiseach atá ann fiú, atá róchasta; ceird a dearadh do dhaoine atá chomh foighneach le naomh agus atá ina saoithe (tá sé seo i bhfad ón bhfírinne, mise á rá leat). Agus b'fhéidir chun an smaoineamh faoi úsáid oragámaí mar uirlis san oideachas a oscailt, agus, go ginearálta ár dtuiscint trí rud éigin a chruthú, gur cheart dom filleadh a thabhairt air¹. Thar na mblianta, tá daoine amhail Maying Soong, Friedrich Froebel, Josef Albers, Norma Boakes, Paul Jackson agus go leor daoine eile tar éis a bheith ar son úsáid scileanna fillidh san oideachas agus mhol siad an luach a bhaineann leis na scileanna seo.

Ní mór do pháistí taithí phearsanta a fháil ar rudaí agus cruthanna geoiméadracha, taithí a ligfidh dóibh a dtuiscint féin ar chaidrimh gheoiméadracha a fhorbairt. Bíodh sé trí mhionsamhail thríthoiseach a thógáil, cruthanna déthoiseacha a tharraingt, nó ag obair le láimhseoga, is é an spraoi gníomhach seo a chuireann le scileanna spásúla páistí.²

Úsáidtear a chuid éabhlóidí spráíúla, fiosracha, rithimeacha agus beachta – atá iomasach agus orgánach freisin – thar an iliomad tionscal; ó spástaisteal, micridhearadh, leigheas chomh fada le filleadh DNA. Níl le déanamh againn ach féachaint ar an gceantar máguaird agus feicimid samplaí éagsúla fillidh agus neamhfillidh.

Nuair a bhítear ag cruthú trí fhilleadh is féidir leis a bheith ar bhonn saorfhoirme nó struchtúrtha, iomasach nó dian ach cibé bealach a n-athraítear an páipéar ní hamháin go bhfuil cuma dheas ar a shimplíocht agus a shofaisticiúlacht chomhuaineach, ach tá sé fíorspéisiúil go hintleachtúil chomh maith.



¹ Ciallaíonn sé *ori* (filleadh) *gami* (páipéar)

² Boakes, Norma. 2008, Ceachtanna Matamaitice-Oragámaí: Ag déanamh Taighde ar a Éifeacht agus a

dTionchar ar Eolas Matamaiticiúil agus Cumas Spásúil Scoláirí.


Cuireann an t-ealaíontóir Josef Albers béim ar an tábhacht a bhaineann le fiosrú eispéireasach ina theagasc Bauhaus:

Déanann bealaí timpeallacha agus botúin rialaithe géarú ar an gcáineadh, múin tríd an taithí, agus cuir chun cinn an mhian chun rudaí a dhéanamh níos fearr agus níos cruinne.³

Bhí Albers é féin fiosrach faoin chruth gheoiméadrach agus a cheangail lenár dtimpeallachtaí, lenár gcoirp agus leis an nádúr. B'ionadaí díograiseach é d'fhoghlaim phraiticiúil agus bhí sé go mór ar son an fhiosraithe ar ábhar agus ar spás, agus é don tuairim go bhfuil an fiosrú seo ríthábhachtach ní hamháin dár dtuiscint choibhneasta agus spásúil ach don smaointeoireacht chruthaitheach agus theibí chomh maith.

Táim ag moladh oragámaí go hard na spéire toisc go bhfuil an-spéis agam ina rithim, patrúin, struchtúir, rialacha agus feidhmeanna agus bhí mé ag iarraidh cur isteach ar a srianta, neamhaird a thabhairt orthu agus na srianta seo a fhiosrú agus a cheistiú chomh maith. D'fhás mo spéis agus m'fhiosracht leanúnach san oragámaí de bharr easpa tuisceana iomláine ar an méid acmhainne atá aige agus an easpa tuisceana atá agam ar a gcastacht mhatamaiticiúil gan teorainn. Níor chuir seo stop orm riamh, áfach, le hiarracht a bhaint as é a thuiscint ar bhealaí eile nó é a thuiscint le húsáid na lámh. Bhain mé taitneamh i gcónaí as an gcumas bunúsach chun an páipéar a fhilleadh, a inrochtana agus atá sé agus an t-ábhar simplí, an réimse feidhmeanna agus an tóir uilíoch atá ag baint leis. Tuigim go bhfuil an rud is léir don dall á rá agam ach tríd an mistéir a bhaint as an bhfilleadh, a mbíonn an chuma air go bhfuil sé róchasta nó iomarcach, tá súil agam an ruaig a chur ar an gcáil seo agus na féidearthachtaí éagsúla a bhaineann leis don fhiosrú cruthaitheach a léiriú, agus an fhéidearthacht atá ann é a úsáid mar dheis foghlama agus teagaisc. Leis an scil shimplí, gan uirlis, seo is féidir linn dul i ngleic le go leor smaointe agus teibíochtaí. Ligtear dúinn fiosrúchán níos éasca a dhéanamh ar choincheapa matamaiticiúla amhail cothromóidí, geoiméadracht agus struchtúir foirgnimh ach is féidir leis a bheith infheidhmithe le haghaidh gnéithe i bpatrúin bhitheolaíocha sa nádúr, agus an micreadhomhan agus an macradhomhan atá thart orainn. Aithníodh comhordú simplí lámh agus súl, cuspóir, dianmhachnamh, tuiscint spásúil agus neart scileanna inaistrithe agus bunúsacha eile mar bhuntáistí a bhaineann le bheith ag obair le horagámaí mar mhúinteoir.

3 Josef Albers, Oideachas Cruthaitheach ó "VI. Internationaler Kongress für Zeichnen, Kunstunterricht und Angewandte Kunst in Prag, 1928" ("An Séú Comhdháil Idirnáisiúnta le haghaidh Líníochta, Oideachais Ealaíne, agus na hEalaíne Feidhmí i bPrág, 1928"), foilsithe i bPrág in 1931.






Is é an bealach is fearr chun an mhistéir a bhaint de rud ná triail a bhaint as tú féin, nach é?

Ba mhaith liom sibh a chur ar an eolas i dtaobh gné bhunúsach de chruth oragámaí. Tá an déphirimid seo déanta as 3 chearnóg agus níl ach 4 fillleadh de dhíth ag gach ceann. Téann na sciatháin, mar a thugaim orthu, atá cruthaithe trí na fillteacha, isteach sna himchlúdaigh de gach aonad, ag cruthú foirme soladaí le chéile.

Is féidir leis an gcéim dheireanach, chun na trí ghné mhodúlacha seo a chur le chéile, mearbhall a chur ar dhaoine agus tá sé deacair an chéad uair a mbaintear triail as, ach cosúil le fadhb ar bith eile, tabharfaidh sé sástacht duit nuair atá sé bainte amach agat! Mar sin, coinnigh ort agus bí linn i gCluainín don Lá Réigiúnach ar an 23 Feabhra le triail a bhaint as i bhfad níos mó!

DIPYRAMID

STEP-BY-STEP



Naisc chuig eolas breise:

Cláir faisnéise/físeáin:

Idir an filleadh: <https://documentaryheaven.com/between-folds-art-of-origami/> Cód

Oragámaí: <https://vimeo.com/198671884>

Ár nDomhan Oragámaí: <https://www.pbs.org/video/nova-our-origami-world/>

Naisc chuig suíomhanna gréasáin úsáideacha:

Cumann Oragámaí na Breataine:

<http://www.britishorigami.info/> Múinteoireacht an

fhillidh: <http://foldingdidactics.com/> Blag teisilithe:

<http://www.origamitessellations.com/>

